**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2021/0297(COD)**

1.3.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(COM(2021)0579 – C9-0364/2021 – 2021/0297(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Maria Arena

PA_Legam

# RÉASÚNÚ GEARR

Tá fabhair thrádála deonaithe ag an Aontas Eorpach (AE) do thíortha i mbéal forbartha trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) ó 1971, mar chuid dá chomhbheartas tráchtála agus i gcomhréir leis na forálacha ginearálta lena rialaítear gníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Le GSP tugtar cúnamh do thíortha i mbéal forbartha iad féin a chomhtháthú i ngeilleagar an domhain, an bhochtaineacht a laghdú, agus tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe trí bhunchearta an duine agus cearta saothair a chur chun cinn, mar aon le cosaint an chomhshaoil, agus an dea-rialachas.

Tá trí shocrú i gceist le GSP:

• GSP Caighdeánach: i gcomhair tíortha ísealioncaim agus íos-mheánioncaim, lena ndéantar foráil maidir le dleachtanna custaim a laghdú nó a bhaint go hiomlán ar dhá thrian de línte taraife an Aontais.

• GSP+: an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, lena laghdaítear taraifí chuig 0 % le haghaidh na línte taraife céanna, a bheag nó a mhór, agus is infheidhme le haghaidh GSP Caighdeánach. Deonaítear do thíortha leochaileacha ísealioncaim agus íos-mheánioncaim é a chuireann 27 gcoinbhinsiún idirnáisiúnta chun feidhme a bhaineann le cearta an duine, cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas.

• ASA (Aon Rud seachas Airm): an socrú speisialta le haghaidh na dtíortha is lú forbairt (LDCanna), lena soláthraítear dóibh rochtain saor ó dhleacht agus ó chuótaí ar mhargadh an Aontais le haghaidh gach táirge seachas airm agus armlón.

Beidh feidhm ag an scéim atá i bhfeidhm faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2023.

Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht mheántéarma an Choimisiúin agus sa sainstaidéar tacaíochta go raibh an creat reatha éifeachtach den chuid is mó agus go bhfuil a chuspóirí á mbaint amach. Bhí tionchar dearfach eacnamaíoch ag GSP - tá méadú tagtha ar na hallmhairí isteach san Aontas ó na tíortha is tairbhithe. Mar sin féin, ní bhaineann GSP barr a chumais amach maidir le caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, caighdeáin chomhshaoil a fheabhsú ná na tíortha is tairbhithe a dhreasú chun feabhas a chur ar an urraim do chearta an duine agus do bhunchearta agus oibleagáidí eile a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe.

D'fhoilsigh an Coimisiún an togra le haghaidh rialachán nua don tréimhse 2024-2034 an 22 Meán Fómhair 2021. Ar an mórgóir, coimeádtar sa togra gnéithe de rialachán GSP atá ann faoi láthair. Neartaíonn sé an GSP reatha i ngnéithe a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le AFET, amhail leathnú liosta na gcoinbhinsiún nach mór a chomhlíonadh maidir le cearta an duine agus ionstraimí dea-rialachais breise, cuireann sé feabhas ar an bhfaireachán a dhéantar ar chomhlíonadh cheanglais GSP+ agus cuirtear le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme GSP. Ina theannta sin, tugtar isteach leis nós imeachta práinneach um tharraingt siar i gcás ina ndéantar sárú tromchúiseach ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

Tá réimsí ann, áfach, ar mhaith le Rapóirtéir AFET an togra a neartú tuilleadh agus é a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear:

- measúnú tionchair *ex ante* ar chearta an duine sula ndeonófar GSP caighdeánach agus GSP+ chun rioscaí a shainaithint maidir le sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine de réir earnála sa tír.

- coinníollacht dheimhneach a leathnú chuig GSP caighdeánach.

- Iarscríbhinn VI maidir le coinbhinsiúin lárnacha a threisiú.

- trédhearcacht agus éifeachtacht an phróisis faireacháin a threisiú agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta idirnáisiúnta agus intíre araon a neartú.

- Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach agus comhlíonadh reachtaíocht na dtíortha is tairbhithe le foireann uirlisí AE um an dícheall cuí a chur chun cinn, go háirithe le Rialachán AE Uimh. 2368/2002 an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley le haghaidh trádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha, Rialachán AE an 17 Bealtaine 2017/821 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca, chomh maith le Rialachán 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh.

- sásra gearáin a threisiú tríd an bPointe Iontrála Aonair a chur ar bhonn foirmiúil sa togra agus é a chur ar fáil do Chosantóirí Chearta an Duine agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

- an fhéidearthacht maidir le haistarraingt earnálach na bhfabhar a shoiléiriú i gcás sáruithe tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine in earnáil ar leith.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Roimh dó aon chóras fabhrach a dheonú do thír, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair ex ante ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a dhéanamh agus a fhoilsiú chun bearta a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in*** |

***iúl chun aon riosca maidir le sáruithe ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol a chosc, a mhaolú, aghaidh a thabhairt air, agus a chomhrac.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart an socrú ginearálta GSP a dheonú do na tíortha i mbéal forbartha go léir a bhfuil riachtanas forbartha den chineál céanna acu agus a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíoch comhchosúil acu. Níl aon sainmhíniú ann ar 'tír i mbéal forbartha' ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus fágtar faoi thíortha a dheonaíonn fabhair liosta na dtíortha i mbéal forbartha atá incháilithe do GSP a chinneadh. Maidir le tíortha ar éirigh leo a n-aistriú ó gheilleagair láraithe go geilleagair mhargaidh a thabhairt chun críche, agus atá ina ngeilleagair chumhachtacha sa lá atá inniu ann agus seasamh láidir acu sa trádáil idirnáisiúnta, amhail an tSín, Hong Cong, Macao agus an Rúis, níor cheart iad a bhreithniú mar thíortha i mbéal forbartha i gcomhthéacs GSP, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint de liosta na dtíortha incháilithe. Na tíortha sin a n-aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim, tá leibhéil ioncaim per capita acu a fhágann gur féidir leo leibhéil éagsúlaithe níos airde a bhaint amach d'uireasa fhabhair tharaife na scéime. Tá siad ag céim dhifriúil den fhorbairt eacnamaíoch agus níl, dá bhrí sin, na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais chéanna acu agus atá ag tíortha ísealioncaim i mbéal forbartha nó tíortha atá níos leochailí; Chun idirdhealú nach bhfuil údar leis a chosc, ní mór iad a láimhseáil ar bhealach difriúil; ní thairbhíonn siad de shocrú caighdeánach | (9) Ba cheart an socrú ginearálta GSP a dheonú do na tíortha i mbéal forbartha go léir a bhfuil riachtanas forbartha den chineál céanna acu, a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíoch comhchosúil acu ***agus a shínigh na croíchoinbhinsiúin idirnáisiúnta a luaitear in Iarscríbhinn VI agus a bhfuil gealltanas tugtha acu iad a dhaingniú laistigh de chúig bliana ó dháta chur i bhfeidhm an tsocraithe***. Níl aon sainmhíniú ann ar 'tír i mbéal forbartha' ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus fágtar faoi thíortha a dheonaíonn fabhair liosta na dtíortha i mbéal forbartha atá incháilithe do GSP a chinneadh. Maidir le tíortha ar éirigh leo a n-aistriú ó gheilleagair láraithe go geilleagair mhargaidh a thabhairt chun críche, agus atá ina ngeilleagair chumhachtacha sa lá atá inniu ann agus seasamh láidir acu sa trádáil idirnáisiúnta, amhail an tSín, Hong Cong, Macao agus an Rúis, níor cheart iad a bhreithniú mar thíortha i mbéal forbartha i gcomhthéacs GSP, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint de liosta na dtíortha incháilithe. Na tíortha sin a n-aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim, tá leibhéil ioncaim per capita acu a fhágann gur féidir leo leibhéil éagsúlaithe níos airde a bhaint amach d'uireasa fhabhair tharaife na scéime. Tá siad ag céim dhifriúil den fhorbairt eacnamaíoch agus níl, dá bhrí sin, na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais chéanna acu agus atá ag tíortha |

| | |
|---|---|
| GSP dá bhrí sin. Thairis sin, an úsáid a bhaineann tíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim as fabhair tharaife a sholáthraítear faoin scéim, mhéadódh sí ar an mbrú iomaíochta a bhíonn ar onnmhairí ó na tíortha níos boichte agus níos leochailí, rud a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith ina ualach gan údar ar na tíortha i mbéal forbartha atá níos leochailí. Ba cheart a chur san áireamh le socrú caighdeánach GSP go bhféadfadh na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais athrú agus ba cheart a áirithiú leis go leanfaidh an socrú de bheith ar fáil má thagann athrú ar staid tíre. | ísealioncaim i mbéal forbartha nó tíortha atá níos leochailí; Chun idirdhealú nach bhfuil údar leis a chosc, ní mór iad a láimhseáil ar bhealach difriúil; ní thairbhíonn siad de shocrú caighdeánach GSP dá bhrí sin. Thairis sin, an úsáid a bhaineann tíortha ardioncaim nó ard-mheánioncaim as fabhair tharaife a sholáthraítear faoin scéim, mhéadódh sí ar an mbrú iomaíochta a bhíonn ar onnmhairí ó na tíortha níos boichte agus níos leochailí, rud a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith ina ualach gan údar ar na tíortha i mbéal forbartha atá níos leochailí. Ba cheart a chur san áireamh le socrú caighdeánach GSP go bhféadfadh na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais athrú agus ba cheart a áirithiú leis go leanfaidh an socrú de bheith ar fáil má thagann athrú ar staid tíre. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) bunaithe ar choincheap lárnach na forbartha inbhuanaithe, mar a aithnítear i gcoinbhinsiúin agus in ionstraimí idirnáisiúnta amhail Dearbhú 1986 na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Forbartha, Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair 1998 maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair, Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe 2000, Dearbhú Johannesburg maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2002, Dearbhú Céad Bliain ILO maidir le Todhchaí na hOibre 2019, Doiciméad Deiridh Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2015 "I | (11) Tá an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) bunaithe ar choincheap lárnach na forbartha inbhuanaithe, mar a aithnítear i gcoinbhinsiúin agus in ionstraimí idirnáisiúnta amhail Dearbhú 1986 na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Forbartha, Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair 1998 maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair, Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe 2000, Dearbhú Johannesburg maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2002, Dearbhú Céad Bliain ILO maidir le Todhchaí na hOibre 2019, Doiciméad Deiridh Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2015 'I |

| | |
|---|---|
| mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe", Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart na fabhair tharaife bhreise dá bhforáiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do na tíortha sin i mbéal forbartha atá leochaileach ó thaobh an gheilleagair de, de dheasca easpa éagsúlaithe, agus a bhfuil coinbhinsiúin bhunúsacha idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair daingnithe acu, leis an aeráid agus le cosaint an chomhshaoil, agus leis an dea-rialachas, agus gealltanas a thabhairt go ***n-áiritheofar*** go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad. Ba cheart don socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas cuidiú leis na tíortha sin na freagrachtaí breise, a eascraíonn as daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin, a ghlacadh chucu féin. Ba cheart liosta na gcoinbhinsiún is ábhartha do GSP a thabhairt cothrom le dáta chun forbairt na n-ionstraimí bunúsacha agus na gcaighdeán bunúsacha idirnáisiúnta a léiriú níos fearr agus ba cheart cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh leo maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le Clár Oibre 2030[18] . I ndáil leis sin, cuirtear isteach na coinbhinsiúin seo a leanas: Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide (2015) – a tháinig in ionad Phrótacal Kyoto; an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD); an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le Rannpháirtíocht Leanaí i gCoinbhleacht Armtha (OP-CRC-AC); Coinbhinsiún EIS Uimh. 81 maidir le Cigireacht Saothair; Coinbhinsiún EIS Uimh. 144 maidir le Cigireacht Saothair; agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in | mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart na fabhair tharaife bhreise dá bhforáiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do na tíortha sin i mbéal forbartha atá leochaileach ó thaobh an gheilleagair de, de dheasca easpa éagsúlaithe, agus a bhfuil coinbhinsiúin bhunúsacha idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair daingnithe acu ***agus a chur chun feidhme tosaithe acu***, leis an aeráid agus le cosaint an chomhshaoil, agus leis an dea-rialachas, agus gealltanas a thabhairt ***go n-iarrfaidh siad an méid sin a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do phlean gníomhaíochta poiblí, uaillmhianach agus faoi cheangal ama, a ghlacfar i gcomhréir leis an Rialachán seo***. Ba cheart don socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas cuidiú leis na tíortha sin na freagrachtaí breise, a eascraíonn as daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin, a ghlacadh chucu féin. Ba cheart liosta na gcoinbhinsiún is ábhartha do GSP a thabhairt cothrom le dáta chun forbairt na n-ionstraimí bunúsacha agus na gcaighdeán bunúsacha idirnáisiúnta a léiriú níos fearr agus ba cheart cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh leo maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le Clár Oibre 2030[18]. I ndáil leis sin, cuirtear isteach na coinbhinsiúin seo a leanas: Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide (2015) – a tháinig in ionad Phrótacal Kyoto; an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD); an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le Rannpháirtíocht Leanaí i |

aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta

gCoinbhleacht Armtha (OP-CRC-AC); ***an Chéad Phrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla; Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;*** Coinbhinsiún EIS Uimh. 81 maidir le Cigireacht Saothair; Coinbhinsiún EIS Uimh. 144 maidir le Comhairliúchán Trípháirteach; agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta.

---

[18] Na Náisiúin Aontaithe (2015). Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015, *Transforming Our World the Agenda 2030 for Sustainable Development* [I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (A/RES/70/1), ar fáil ag: https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld

[18] Na Náisiúin Aontaithe (2015). Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015, *Transforming Our World: the Agenda 2030 for Sustainable Development* [I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (A/RES/70/1), ar fáil ag: https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart don Choimisiún agus i gcás inarb iomchuí, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, faireachán a dhéanamh ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas agus ar chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún, trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, go háirithe, i gcás ina mbeidh fáil orthu, ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin arna mbunú faoi na coinbhinsiúin sin. Gach ***trí*** bliana, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaingniú | (16) Ba cheart don Choimisiún agus i gcás inarb iomchuí, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, faireachán a dhéanamh ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas agus ar chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún, trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, go háirithe, i gcás ina mbeidh fáil orthu, ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin arna mbunú faoi na coinbhinsiúin sin. Gach ***dhá*** bhliain, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaingniú |

| | |
|---|---|
| na gcoinbhinsiún faoi seach, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin, agus maidir le stádas chur i bhfeidhm na gcoinbhinsiún sa chleachtas. | na gcoinbhinsiún faoi seach, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin, agus maidir le stádas chur i bhfeidhm na gcoinbhinsiún sa chleachtas. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Ba cheart don Choimisiún, ar mhaithe le comhsheasmhacht i mbeartais an Aontais, tíortha is tairbhithe a spreagadh chun cloí le caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil atá níos airde agus chun gné láidir forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn i slabhraí luacha domhanda, i gcomhréir leis na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.*** |

*Réasúnú*

*Ní mór rialachán GSP a bheith ag teacht le huirlisí AE maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil mar a meabhraíodh sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2016 maidir le cur chun feidhme mholtaí 2010 maidir le caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil, cearta an duine agus freagracht chorparáideach (2015/2038(INI).*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I mí Iúil 2020, cheap an Coimisiún an Príomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála agus é mar ról aige rialacha trádála a fhorfheidhmiú. I dtaca leis sin, i mí na Samhna 2020, sheol an Coimisiún sásra | (18) I mí Iúil 2020, cheap an Coimisiún an Príomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála agus é mar ról aige rialacha trádála a fhorfheidhmiú. I dtaca leis sin, i mí na Samhna 2020, sheol an Coimisiún sásra |

| | |
|---|---|
| nua um ghearáin, an Pointe Iontrála Aonair ('SEP'), mar chuid dá iarrachtaí méadaithe forfheidhmiú agus cur chun feidhme na ngealltanas trádála a neartú. Tríd an bPointe Iontrála Aonair, faigheann an Coimisiún gearáin maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le beartas trádála, lena n-áirítear sáruithe ar ghealltanais GSP. Ba cheart córas nua gearán den sórt sin a chomhtháthú faoi chuimsiú an Rialacháin seo. | nua um ghearáin, an Pointe Iontrála Aonair ('SEP'), mar chuid dá iarrachtaí méadaithe forfheidhmiú agus cur chun feidhme na ngealltanas trádála a neartú. Tríd an bPointe Iontrála Aonair, faigheann an Coimisiún gearáin maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le beartas trádála, lena n-áirítear sáruithe ar ghealltanais GSP. Ba cheart an córas nua gearán sin a chomhtháthú laistigh de chreat an Rialacháin seo ***agus ba cheart go mbeadh rochtain ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine air, ón Aontas agus ó na tíortha is tairbhithe araon***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Is féidir leis an imirce idirnáisiúnta ordúil tairbhí tábhachtacha a thabhairt do thíortha tionscnaimh agus cinn scríbe na n-imirceach agus rannchuidiú lena riachtanais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach cur leis an gcomhleanúnachas idir beartais trádála, forbartha agus imirce d'fhonn a áirithiú go bhfaighidh idir na tíortha tionscnaimh agus na tíortha cinn scríbe tairbhí na himirce go frithpháirteach. Maidir leis sin, tá sé fíor-riachtanach do na tíortha tionscnaimh agus do na tíortha cinn scríbe araon aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, amhail dlús a chur le comhar maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach agus lena n-athimeascadh ar bhealach inbhuanaithe sa tír thionscnaimh, go háirithe d'fhonn sileadh leanúnach ón daonra gníomhach sna tíortha tionscnaimh a sheachaint, agus na hiarmhairtí fadtéarmacha a d'eascródh as sin ó thaobh na forbartha de, agus a áirithiú go gcaithfear le himircigh le dínit. | (26) Is féidir leis an imirce idirnáisiúnta ordúil tairbhí tábhachtacha a thabhairt do thíortha tionscnaimh agus cinn scríbe na n-imirceach agus rannchuidiú lena riachtanais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach cur leis an gcomhleanúnachas idir beartais trádála, forbartha agus imirce d'fhonn a áirithiú go bhfaighidh idir na tíortha tionscnaimh agus na tíortha cinn scríbe tairbhí na himirce go frithpháirteach. Maidir leis sin, tá sé fíor-riachtanach do na tíortha tionscnaimh agus do na tíortha cinn scríbe araon aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, amhail dlús a chur le comhar maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach agus lena n-athimeascadh ar bhealach inbhuanaithe sa tír thionscnaimh, go háirithe d'fhonn sileadh leanúnach ón daonra gníomhach sna tíortha tionscnaimh a sheachaint, agus na hiarmhairtí fadtéarmacha a d'eascródh as sin ó thaobh na forbartha de, agus a áirithiú go gcaithfear le himircigh le dínit ***agus go ndéanfar a gcearta daonna a urramú go*** |

| | |
|---|---|
| | ***hiomlán*.** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(27) Is dúshlán coiteann don Aontas agus dá chomhpháirtithe iad filleadh, athligean isteach agus athimeascadh imirceach. Go háirithe, tá sé d'oibleagáid ar gach Stát a náisiúnaigh féin a athligean isteach faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis, agus faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta iltaobhacha amhail an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944. Dá gcuirfí feabhas ar an athimeascadh inbhuanaithe agus ar an bhfothú acmhainneachta, neartófaí an fhorbairt áitiúil sna tíortha comhpháirtíochta go mór.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) ciallaíonn 'sárú tromchúiseach córasach' sáruithe nó mí-úsáidí forleathana córasacha ar chearta an duine ar cúis mhór imní iad, maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 CAE, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:*** |
| | ***i. cinedhíothú;*** |
| | ***ii. coireanna in aghaidh an chine dhaonna;*** |
| | ***iii. céasadh agus íde nó pionós eile atá*** |

***cruálach, mídhaonna nó táireach;***

***iv. sclábhaíocht nó saothar éigeantais;***

***v. básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha;***

***vi. fuadach forfheidhmithe daoine;***

***vii. gabháil agus coinneáil threallach;***

***viii. gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear smuigleáil daoine;***

***ix. foréigean gnéis agus inscnebhunaithe;***

***x. sáruithe eile ar dhlíthe agus ar nósanna an chogaidh;***

***xi. sáruithe nó mí-úsáidí saoirse comhthionóil shíochánta agus comhlachais;***

***xii. sáruithe nó mí-úsáidí saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh,***

***xiii. sáruithe nó mí-úsáidí saoirse reiligiúin nó creidimh;***

***Ba cheart na táscairí lena chinneadh an ndearnadh na sáruithe tromchúiseacha agus córasacha sin a bheith soiléir agus ba cheart na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh leo:***

***(i) rialuithe agus tuairimí ó chúirteanna idirnáisiúnta um chearta an duine, ó chúirteanna, ó phainéil eadrána agus ó bhinsí nó ó údaráis agus sásraí breithiúnacha eile;***

***(ii) bunú agus tátal coimisiún fiosrúcháin, misean aimsithe fíoras, rapóirtéirí speisialta, nó sásraí faireacháin eile ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine nó ag an gComhthionól Ginearálta nó ag comhlachtaí idir-rialtasacha réigiúnacha eile;***

***(iii) tátal Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe nó saineolaithe neamhspleácha eile na Náisiún Aontaithe ar chearta an***

***duine;***

***(iv) tuarascálacha ón gComhlacht Comhairleach agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 b) tagraíonn 'oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine' don fhreagracht atá ar fhiontair ghnó cearta an duine a urramú agus cosaint a thabhairt ar mhí-úsáid chearta an duine i ngnó mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine (UNGPanna) in 2011. Tagraíonn an fhreagracht atá ar fhiontair ghnó maidir le cearta an duine a urramú do chearta an duine atá aitheanta go hidirnáisiúnta – a thuigtear, ar a laghad, mar na cearta a chuirtear in iúl sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha a leagtar amach i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 c) ciallaíonn 'eagraíochtaí na sochaí sibhialta' raon leathan gníomhaithe a bhfuil iliomad ról agus sainorduithe aige, a d'fhéadfadh athrú le himeacht ama agus thar institiúidí agus tíortha, agus cuimsíonn siad gach struchtúr*** |

***neamhstáit, neamhbhrabúsach, neamhspleách agus neamhfhoréigneach, trína n-eagraíonn daoine chun cuspóirí agus idéil chomhroinnte, lena n-áirítear cuspóirí polaitiúla, cultúrtha, reiligiúnacha, comhshaoil, sóisialta nó eacnamaíocha, a shaothrú agus a fheidhmíonn ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach nó idirnáisiúnta, a chuimsíonn eagraíochtaí uirbeacha agus tuaithe, foirmiúla agus neamhfhoirmiúla;***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3 a*** |
| | ***Measúnú tionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol Roimh dó aon chóras fabhrach a dheonú do thír, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair ex ante ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a dhéanamh agus a fhoilsiú chun bearta a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in iúl chun aon riosca maidir le sáruithe ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol a chosc, a mhaolú, aghaidh a thabhairt air, agus a chomhrac.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) léiríonn na torthaí ó mheasúnú ar an tionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a rinne an Coimisiún de bhun Airteagal 3 mír a (nua) go bhfuil baol suntasach ann go mbeidh tionchar diúltach ar chearta an duine nó ar an*** |

***gcomhshaol sa tír is tairbhí, agus nach leor bearta molta chun cosc a chur air, chun aghaidh a thabhairt air agus chun dul i ngleic leis nó nár ghlac rialtas na tíre is tairbhí leo;***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) tá foras leordhóthanach ann lena mheas gur ann d'easnaimh thromchúiseacha agus chórasacha ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19.1 pointí (a), (b), (c), (d) agus (e).*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b c) níor shínigh ná níor dhaingnigh sí na coinbhinsiúin atá liostaithe in Iarscríbhinn VI laistigh de chúig bliana ó chur i bhfeidhm na bhfabhar;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b d) tá bearta reachtacha agus riaracháin intíre glactha aici arb é is aidhm dóibh go follasach an bonn a bhaint ó chur chun feidhme éifeachtach cheanglais an díchill chuí faoi dhlí an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE)*** |

***2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], Rialachán (AE) 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b] agus Rialachán (CE) 2368/2002 ón gComhairle[1c];***

______________

***[1a] Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lch. 1)***

***[1b] Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lch. 23).***

***[1c] Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley le haghaidh na trádála idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha (IO L 358, 31.12.2002, lch. 28).***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Áiritheoidh an Coimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, go mbeidh na coinbhinsiúin a liostaítear in Iarscríbhinn VI daingnithe ag tíortha a thairbheoidh den socrú caighdeánach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de na cúig bliana ó chur i bhfeidhm na bhfabhar;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 b. Spreagfaidh an Coimisiún tíortha is tairbhithe chun bearta a ghlacadh i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, amhail Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a ghlacadh agus a áirithiú go ndaingneofar na coinbhinsiúin a liostaítear in Iarscríbhinn VI i gcomhréir lena dtiomantas. Beifear in ann cláir chúnaimh a mhaoiniú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (NDICI) a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá na coinbhinsiúin uile a liostaítear in Iarscríbhinn VI (na 'coinbhinsiúin ábhartha') daingnithe aici agus nach mbeidh aon mhainneachtain thromchúiseach, chun aon cheann de na coinbhinsiúin sin a chur chun feidhme go héifeachtach, sainaitheanta ag an gCoimisiún, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil, go háirithe na conclúidí is déanaí atá ar fáil ó na comhlachtaí faireacháin sin faoi na coinbhinsiúin sin; | (b) tá na coinbhinsiúin uile a liostaítear in Iarscríbhinn VI (na 'coinbhinsiúin ábhartha') daingnithe aici ***agus a gcur chun feidhme tosaithe aici*** agus nach mbeidh aon mhainneachtain thromchúiseach, chun aon cheann de na coinbhinsiúin sin a chur chun feidhme go héifeachtach, sainaitheanta ag an gCoimisiún, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil, go háirithe na conclúidí is déanaí atá ar fáil ó na comhlachtaí faireacháin sin faoi na coinbhinsiúin sin***, mar aon le faisnéis arna tíolacadh ag an gComhlacht Comhairleach nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta***; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) go ndéanann sí gealltanas ceangailteach ***daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha a choinneáil ar bun agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin*** a áirithiú, agus plean gníomhaíochta ag gabháil leis chun na coinbhinsiúin ábhartha a chur chun feidhme go héifeachtach; | (d) go ndéanann sí gealltanas ceangailteach na coinbhinsiúin ábhartha ***a dhaingniú agus a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme go héifeachtach trí phlean gníomhaíochta uaillmhianach poiblí ina mbeidh na bearta is gá chun na coinbhinsiúin ábhartha a chur chun feidhme go héifeachtach, ina leagfar amach treochlár ina mbeidh tagarmharcanna agus spriocdhátaí soiléire, agus a dhéanfaidh an Coimisiún a fhormheas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa*. *Tiocfaidh an tír is tairbhí agus an Coimisiún ar chomhthuiscint maidir leis an bplean gníomhaíochta, agus poibleofar an plean sin ina dhiaidh sin. Beidh an plean gníomhaíochta mar bhonn don tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 14***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) níl glactha aici bearta reachtacha agus riaracháin intíre arb é is aidhm dóibh go follasach an bonn a bhaint ó chur chun feidhme éifeachtach cheanglais an díchill chuí faoi dhlí an Aontais, agus go háirithe Rialacháin (AE) 2017/821, (AE) 995/2010 agus (CE) 2368/2002 agus go bhfuil Plean Gníomhaíochta Náisiúnta glactha aici maidir le cur chun feidhme Gnó agus Cearta an Duine, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Pleananna*** |

| | |
|---|---|
| | ***Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid Mheitheal na Náisiún Aontaithe um Ghnó agus um Chearta an Duine;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) nach léiríonn na torthaí ó mheasúnú ar an tionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a rinne an Coimisiún de bhun Airteagal 3 mír a (nua) go bhfuil baol suntasach ann go mbeidh tionchar diúltach ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol sa tír is tairbhí, nó gur leor bearta molta chun cosc a chur air agus chun aghaidh a thabhairt air agus gur ghlac rialtas na tíre is tairbhí leo;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) measann an Coimisiún, bunaithe ar scrúdú ar an iarraidh, go gcomhlíonann an tír is iarrthóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9. | (b) measann an Coimisiún, bunaithe ar scrúdú ar an iarraidh, ***lena n-áirítear an plean gníomhaíochta mar a léirítear in Airteagal 9 mír 1(d), agus ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair ar chearta an duine dá dtagraítear in Airteagal 3, mír a (nua), ach gan a bheith teoranta dó,*** go gcomhlíonann an tír is iarrthóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is i scríbhinn a chuirfidh an tír iarrthach a hiarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Soláthrófar san iarraidh faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus áireofar san fhaisnéis sin na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f). | 2. Is i scríbhinn a chuirfidh an tír iarrthach a hiarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Soláthrófar san iarraidh faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú ***agus cur chun feidhme*** na gcoinbhinsiún ábhartha agus áireofar san fhaisnéis sin na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9, ***pointí*** (d), (e) agus (f)***, lena n-áirítear plean gníomhaíochta a mbeidh bailchríoch curtha air***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I a leasú d'fhonn an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do thír iarrthach tríd an tír sin a áireamh ar liosta na dtíortha is tairbhithe GSP+. | 4. ***Agus an iarraidh á scrúdú aige, rachaidh an Coimisiún Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus leis an gcomhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13a (nua).*** Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I a leasú d'fhonn an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do thír iarrthach tríd an tír sin a áireamh ar liosta na dtíortha is tairbhithe GSP+. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le dleachtanna ad valorem na Comhtharaife Custaim ar gach táirge a liostaítear in Iarscríbhinn III agus in | 1. Maidir le dleachtanna *ad valorem* na Comhtharaife Custaim ar gach táirge a liostaítear in Iarscríbhinn III agus in |

| | |
|---|---|
| Iarscríbhinn VII, ar de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+ iad, cuirfear ar fionraí iad. | Iarscríbhinn VII, ar de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+ iad, cuirfear ar fionraí iad***, de réir sceideal na fionraí taraife dá dtagraítear in Airteagal 9(2)***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón dáta a dheonófar na fabhair tharaife a fhoráiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, déanfaidh an Coimisiún, i ndáil le gach ceann de na tíortha is tairbhithe GSP+, athbhreithniú leanúnach agus faireachán ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach, agus ar chomhoibriú na tíre is tairbhí de GSP+ leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha freisin. Á dhéanamh sin dó, scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile, ***go háirithe*** conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha. | 1. Ón dáta a dheonófar na fabhair tharaife a fhoráiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, déanfaidh an Coimisiún, i ndáil le gach ceann de na tíortha is tairbhithe GSP+, athbhreithniú leanúnach agus faireachán ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus ar a gcur chun feidhme éifeachtach, agus ar chomhoibriú na tíre is tairbhí de GSP+ leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha freisin. Á dhéanamh sin dó, déanfaidh an Coimisiún ***measúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag tíortha is tairbhí GSP+ maidir lena bpleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme, agus*** scrúdóidh sé an fhaisnéis ábhartha uile, ***lena n-áirítear*** conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha***, mar aon le faisnéis chuí-réasúnaithe arna cur isteach ag saoránaigh aonair, gníomhaithe san earnáil phríobháideach, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ionadaithe ceardchumann agus geallsealbhóirí ábhartha eile***. ***Féadfar an fhaisnéis a chur isteach freisin tríd an bPointe Iontrála Aonair, a mbeidh rochtain ag geallsealbhóirí ón Aontas agus ó thíortha is tairbhithe GSP+ uirthi. Ba cheart don Choimisiún, lena n-áirítear trí SEGS agus na toscaireachtaí, teagmháil rialta a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta áitiúil agus idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcoinbhinsiún atá liostaithe in Iarscríbhinn VI ag na tíortha is*** |

| | |
|---|---|
| | ***tairbhithe. Bunaítear leis seo timthriall trí bliana don athbhreithniú, don fhaireachán agus don mheasúnú (dá ngairtear timthriall faireacháin anseo feasta). Le linn na tréimhse cur i bhfeidhm agus an timthrialla faireacháin, fiosróidh an Coimisiún freisin tuairimí Pharlaimint na hEorpa arna gcur in iúl ag a coistí inniúla agus trí na rúin ábhartha arna nglacadh le linn na seisiún iomlánach.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Comhoibreoidh tír is tairbhí de GSP+ leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar urramú na ngealltanas ceangailteach aici dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f) agus ar a staid a mhéid a bhaineann le hAirteagal 9, pointí (b) agus (c). | 2. Comhoibreoidh tír is tairbhí de GSP+ leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh ar urramú na ngealltanas ceangailteach aici dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d) ***lena n-áirítear cur chun feidhme a phlean gníomhaíochta,*** (e) agus (f) agus ar a staid a mhéid a bhaineann le hAirteagal 9, pointí (b) agus (c). |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme i gcomhpháirt le SEGS, misean faireacháin ardleibhéil amháin ar a laghad in aghaidh gach timthrialla faireacháin chuig na tíortha is tairbhithe chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn nithiúil, lena n-áirítear i gcomhréir leis na pleananna gníomhaíochta. Faoi chuimsiú an mhisin, rachfar i gcomhairle go hiomchuí le*** |

| | |
|---|---|
| | ***geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, sna tíortha is tairbhithe.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Ag tús gach timthrialla faireacháin, seolfaidh an Coimisiún liosta saincheisteanna chuig gach tír is tairbhí GSP+ ina leagfar amach na saincheisteanna cur chun feidhme nach mór aghaidh a thabhairt orthu le linn an timthrialla. Cuirfear na liostaí saincheisteanna ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 13 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 c. Déanfar na pleananna gníomhaíochta agus moltaí an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí maidir le gníomhaíochtaí cur chun feidhme tosaíochta a chur san áireamh i gclársceidealú forbartha airgeadais an Aontais chun tacú le tíortha is tairbhithe GSP+ a ngealltanais a bhaint amach.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13 a*** |
| | ***Comhlacht Comhairleach*** |
| | ***1. Tabharfaidh comhlacht comhairleach a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ar gheallsealbhóirí cúnamh don Choimisiún agus athbhreithniú, faireachán agus measúnú a ndéanamh aige ar na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f).*** |
| | ***2. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach maidir leis na pleananna gníomhaíochta a thíolacfaidh na tíortha is tairbhithe GSP+ i bhfianaise a gcur i bhfeidhm maidir le scéim GSP+; chun na críche sin, leathnófar an rannpháirtíocht leis an gcomhlacht comhairleach chun geallsealbhóirí sna tíortha is tairbhithe a chuimsiú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an gcomhlacht comhairleach, agus tuairisceoidh sé dó, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh aige ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta le linn gach timthrialla faireacháin agus, ar bhonn níos ginearálta, i rith an timthrialla chomh rialta agus is gá, lena n-áirítear roimh mhisin faireacháin agus ina ndiaidh.*** |
| | ***3. Déanfaidh an comhlacht comhairleach faireachán freisin ar bhearta a d'fhéadfadh reachtaíocht thíortha is tairbhithe GSP+ a dhéanamh lena mbaintear an bonn ó cheanglais an díchill chuí faoi dhlí an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 2017/821, Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 agus Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 1 Eanáir 2027, agus gach ***trí*** bliana ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe GSP+ ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin, agus maidir le stádas chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin. | 1. Faoin 1 Eanáir 2027, agus gach ***dhá bhliain*** ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe GSP+ ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin***, lena n-áirítear scórchártaí atá á measúnú leis na tíortha is tairbhithe agus atá bunaithe freisin ar an measúnú ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta ach gan bheith teoranta don mheasúnú sin***. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) conclúidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, conclúidí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gach tír is tairbhí de GSP+ ag urramú na ngealltanas ceangailteach dá cuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, comhoibriú leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha i gcomhréir leis na coinbhinsiúin ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a áirithiú; | (b) conclúidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, conclúidí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gach tír is tairbhí GSP+ ag urramú na ngealltanas ceangailteach dá cuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, comhoibriú leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha i gcomhréir leis na coinbhinsiúin ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a áirithiú***, lena n-áirítear trí mheasúnú ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta, agus*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) cóip den scórchárta a ndearna an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Coimisiún meastóireacht air leis an tír is tairbhí*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh aon fhaisnéis is iomchuí dar leis an gCoimisiún, ó aon fhoinse, a bheith san áireamh sa tuarascáil. | Féadfaidh aon fhaisnéis is iomchuí dar leis an gCoimisiún, ó aon fhoinse, a bheith san áireamh sa tuarascáil***, lena n-áirítear ó eagraíochta na sochaí sibhialta agus ó na comhpháirtithe sóisialta***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus iad ag teacht ar a gconclúidí maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha, déanfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí measúnú ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha, ***agus***, gan dochar d'fhoinsí eile, ar fhaisnéis arna tíolacadh ***ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle mar aon le*** tríú páirtithe, lena n-áirítear rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta. | 3. Agus iad ag teacht ar a gconclúidí maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha, déanfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí measúnú ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí faireacháin ábhartha***. Iarrfaidh sé tuairim ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin, agus déanfaidh sé measúnú,*** gan dochar d'fhoinsí eile, ar fhaisnéis a thíolacfaidh tríú páirtithe, ***lena n-áirítear gearáin a thíolacfar tríd an bPointe Iontrála Aonair, amhail*** rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta, agus comhpháirtithe sóisialta. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Déanfar an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge nó maidir le táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+, más rud é nach n-urramaíonn an tír sin a gealltanais cheangailteacha amhail dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f), nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach ag an tír is tairbhí de GSP+ atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach mbeadh comhoiriúnach d'aidhm agus do chuspóir an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuitear amhlaidh in Airteagal 9, pointe (c). | 1. Déanfar an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge nó maidir le táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí GSP+, más rud é nach n-urramaíonn an tír sin a gealltanais cheangailteacha amhail dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f), ***lena n-áirítear más rud é go sainaithnítear móreasnaimh i ndáil leis an bplean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9 pointe (d) a chur chun feidhme,*** nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach ag an tír is tairbhí GSP+ atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach mbeadh comhoiriúnach d'aidhm agus do chuspóir an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuitear amhlaidh in Airteagal 9, pointe (c). |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Más rud é, bíodh sé ar bhonn chonclúidí na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 14 nó ar bhonn na fianaise atá ar fáil, lena n-áirítear fianaise a cuireadh isteach trí ghearán, go bhfuil amhras réasúnach ar an gCoimisiún nach bhfuil tír is tairbhí de GSP+ ar leith ag urramú a gealltanas ceangailteach dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f), nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach aige atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach d'aidhm agus do chuspóir an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuitear amhlaidh in Airteagal 9, pointe (c), déanfaidh sé, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun tús a chur leis an nós | 3. ***Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa*** nó ar bhonn chonclúidí na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 14 nó ar bhonn na fianaise atá ar fáil, lena n-áirítear ***fianaise arna cur isteach ag Parlaimint na hEorpa trína coistí inniúla agus trí na rúin ábhartha arna nglacadh le linn seisiún iomlánach, agus*** fianaise a cuireadh isteach trí ghearán, go bhfuil amhras réasúnach ar an gCoimisiún nach bhfuil tír is tairbhí GSP+ ar leith ag urramú a gealltanas ceangailteach dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (d), (e) agus (f), ***lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme a plean gníomhaíochta,*** nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach aige atá toirmiscthe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach d'aidhm agus do chuspóir |

imeachta um aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis sin.

an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuitear amhlaidh in Airteagal 9, pointe (c), déanfaidh sé, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun tús a chur leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis sin.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann chun bheith ag comhoibriú le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 4, pointe (b). | 5. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann chun bheith ag comhoibriú ***agus chun bheith rannpháirteach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na sáruithe ar a ghealltanais cheangailteacha amhail dá dtagraítear i mír 3*** le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 4, pointe (b). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Lorgóidh an Coimisiún gach faisnéis a mheasann sé gá a bheith léi lena n-áirítear, inter alia, conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha uile. | 6. Lorgóidh an Coimisiún gach faisnéis a mheasann sé gá a bheith léi lena n-áirítear, *inter alia*, conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin. Agus é ag teacht ar chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha uile***, lena n-áirítear faisnéis ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó chomhpháirtithe sóisialta***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás ina measann an Coimisiún ***nach dtugann na fionnachtana údar maith le*** haistarraingt shealadach, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Beidh an gníomh cur chun feidhme sin bunaithe inter alia ar an bhfianaise a fhaightear. | 8. I gcás ina measann an Coimisiún***, bunaithe ar na gnéithe dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6, nach bhfuil údar maith le*** haistarraingt shealadach, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Beidh an gníomh cur chun feidhme sin bunaithe *inter alia* ar an bhfianaise a fhaightear. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go dtugann na torthaí údar le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú chun na fabhair tharaife a fhoráiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), a aistarraingt go sealadach. ***Agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh aige, féadfaidh*** an Coimisiún***, i gcás inarb iomchuí, an éifeacht shocheacnamaíoch a bhaineann le haistarraingt shealadach na*** bhfabhar ***taraife sa*** tír is tairbhí ***a bhreithniú***. | 9. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go dtugann na torthaí údar le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú chun na fabhair tharaife a fhoráiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b), a aistarraingt go sealadach. Luafaidh an Coimisiún ***go soiléir agus go poiblí na forais le fabhair a tharraingt siar agus leagfaidh sé síos tagarmharcanna ba cheart don tír is tairbhí a chomhlíonadh chun go bhféadfaí na fabhair a athbhunú***; ***féadfaidh na tagarmharcanna sin cur chuige céimnithe a threorú freisin, lena n-áirítear cuid de na tairbhí i gcoinne tagarmharcanna agus coinníollacha soiléire a tharraingt siar de*** |

***réir a chéile nó a athbhunú*.**

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
Airteagal 15 – mír 10 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 a. Agus aistarraingt shealadach á cur i bhfeidhm, leanfaidh an Coimisiún den idirphlé leis an tír is tairbhí, lena n-áirítear sa chreat dá dtagraítear in Airteagal 18a, agus é mar aidhm aige na cúiseanna leis an tarraingt siar dá dtagraítear i mír 3 a leigheas. Déanfaidh an Coimisiún measúnú rialta ar éifeachtaí na haistarraingthe maidir leis na sáruithe a leigheas, lena n-áirítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 14, agus maidir le cearta an duine agus staid shocheacnamaíoch an daonra lena mbaineann. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle go rialta leis an gcomhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13a feadh an nós imeachta.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Áiritheoidh an Coimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, SEGS, go ndéanfaidh tíortha a thairbheoidh den socrú speisialta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo dul chun cinn leanúnach agus marthanach i dtreo dhaingniú na coinbhinsiúin atá liostaithe in Iarscríbhinn VI.*** ***Le clársceidealú airgeadais don fhorbairt, tabharfar tús áite do thíortha a thairbhíonn den socrú speisialta dá dtagraítear i mír 1 arb é is aidhm dó dul*** |

***chun cinn a dhéanamh i dtreo dhaingniú na gcoinbhinsiúin atá liostaithe in Iarscríbhinn VI.***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil V – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Forálacha maidir le haistarraingt shealadach is coiteann do gach socrú | ***Rannpháirtíocht fheabhsaithe agus*** forálacha maidir le haistarraingt shealadach is coiteann do gach socrú |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18 a (nua)*** |
| | ***Faoi chuimsiú Comhaontú Comhair, Comhpháirtíochta nó Comhlachais arna thabhairt i gcrích ag an Aontas le tír is tairbhí, déanfar athbhreithniú ginearálta ar stádas na tíre faoi chuimsiú na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur i gcrích go bliantúil agus i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún, agus i gcás inarb ábhartha an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus an tír is tairbhí athbhreithniú ar na saincheisteanna a bhaineann leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 19(1), lena n-áirítear i ndáil le haon ghearáin a gheobhaidh an Coimisiún. Déanfaidh an Coimisiún, agus i gcás inarb ábhartha an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus an tír is tairbhí athbhreithniú freisin ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI amhail dá dtagraítear in*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 4(1) pointe (c) agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo dhaingniú na gcoinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI amhail dá dtagraítear in Airteagal 17(1a).*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfar na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge de thionscnamh tíre is tairbhí nó táirgí áirithe, ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas: | 1. Féadfar na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, ***go hiomlán nó go páirteach,*** maidir le gach táirge ***nó earnáil eacnamaíoch,*** de thionscnamh tíre is tairbhí nó táirgí áirithe, lena n-áirítear earnálacha áirithe, ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) ní léiríonn an tír is tairbhí cur chun feidhme éifeachtach an phlean gníomhaíochta;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) i gcás ina measfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar ghearán nó ar a thionscnamh féin, go bhféadfadh forais leordhóthanacha a bheith ann lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtugtar bonn cirt le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoi aon socrú fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar bhonn na gcúiseanna dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 19 a) nó b), féadfaidh an Coimisiún, sula bhfoilseoidh sé an fógra dá dtagraítear § 4 Airteagal 19, feabhas a chur ar a rannpháirtíocht leis an tír chomhpháirtíochta agus plean gníomhaíochta faoi cheangal ama a chaibidil chun na sáruithe a leigheas, lena n-áirítear trí chomhar iomlán le sásraí faireacháin chearta an duine agus chearta an tsaothair de chuid na Náisiún Aontaithe;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) nuair a chinnfidh an Coimisiún socrú fabhrach a aistarraingt i dtír is tairbhí in earnáil eacnamaíoch ar leith, agus Airteagal 19 (a agus b) á chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún liosta a fhoilsiú de chuideachtaí, d'allmhaireoirí agus de sholáthróirí áitiúla de chuid an Aontais a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as na fabhair fós. Ba cheart an liosta sin a bhunú bunaithe ar an bhfianaise a chuirfidh cuideachtaí ar fáil go ndearna siad a n-oibleagáidí díchill chuí maidir le cearta an duine a chur chun feidhme go hiomlán agus go bhfuil slabhra soláthair acu atá saor ó sháruithe ar chearta an duine;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) easnaimh thromchúiseacha i rialuithe custaim ar onnmhairiú nó ar iompar drugaí (substaintí aindleathacha nó réamhtheachtaithe), nó ***a bhaineann leis an oibleagáid náisiúnaigh na tíre féin is tairbhí a athligean isteach nó*** mainneachtain thromchúiseach coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht nó maidir le frithsciúradh airgid a chomhlíonadh; | (c) easnaimh thromchúiseacha sa rialú custaim a dhéantar ar onnmhairiú nó iompar drugaí (substaintí aindleathacha nó réamhtheachtaithe), nó mainneachtain thromchúiseach coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht nó maidir le frithsciúradh airgid a chomhlíonadh; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Chun pointe 1 (a) a chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Coimisiún aird go háirithe ar cibé a chuir na comhlachtaí faireacháin ábhartha, agus na sásraí conartha agus maoirseachta in iúl go ndearnadh sáruithe, a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus córasach, ar phrionsabail na gcoinbhinsiún ábhartha, bunaithe ar tháscairí amhail:*** |
| | ***- bunú coimisiún fiosrúcháin, misean aimsithe fíoras, rapóirtéirí speisialta, nó sásraí faireacháin eile ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine nó ag an gComhthionól Ginearálta;*** |
| | ***- tátal Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe nó saineolaithe neamhspleácha eile na Náisiún Aontaithe ar chearta an duine;*** |
| | ***- tuarascálacha ó Choiste EIS um Fheidhmiú Caighdeán;*** |
| | ***- rialuithe agus tuairimí cúirteanna idirnáisiúnta um chearta an duine;*** |

***- tuarascálacha ón gComhlacht Comhairleach agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta.***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Nuair a bhíonn gá áirithe leis mar thoradh ar a thromchúisí atá na sáruithe ar phrionsabail na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn VI, bunaithe ar mheasúnuithe, barúlacha, cinntí, agus moltaí atá ar fáil agus ar chonclúidí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin, nó bunaithe ar ábhair imní a bhfuil údar leo arna léiriú ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ceardchumainn, nó ag gníomhú dó ar ghearán, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír is tairbhí.*** |
| | ***Ag tosú ó dháta an fhógra agus le linn aon bhliain amháin, rachaidh an tír is tairbhí agus an Coimisiún i mbun rannpháirtíocht fheabhsaithe, i gcás ina ngeallfaidh an tír treochláir atá faoi cheangal ama a ghlacadh lena bhforálfar do ghníomhaíochtaí nithiúla agus réitigh inbhuanaithe ar na sáruithe tromchúiseacha agus córasacha arna sainaithint.*** |
| | ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle go tráthrialta leis an gcomhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13a le linn an phróisis rannpháirtíochta feabhsaithe.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 19 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Má mheastar gur gá, féadfar an rannphháirtíocht fheabhsaithe a fhadú suas le bliain eile. Foilseoidh an Coimisiún liosta de thíortha lena mbeidh an rannphháirtíocht fheabhsaithe fadaithe níos mó ná aon bhliain amháin agus tabharfaidh sé an liosta cothrom le dáta go rialta de réir mar is gá. Déanfar na treochláir dá dtagraítear i mír 2a a phoibliú.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina measann an Coimisiún go ***bhfuil*** forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoi aon socrú fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar bhonn na gcúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun tús a chur leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme sin. | 3. ***Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó*** i gcás ina measann an Coimisiún ***go bhféadfadh go mbeadh*** forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoi aon socrú fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ***toisc gur mhainnigh an tír is tairbhí beart a dhéanamh faoi chuimsiú na rannphháirtíochta feabhsaithe nó*** ar bhonn is leithne ná sin, leis an rannphháirtíocht fheabhsaithe, nó ar bhonn na gcúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun tús a chur leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme sin. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi na gearáin a gheofar. Cuirfidh an Coimisiún an gearánach, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas i gcás ina gcinnfidh sé nach bhfuil dóthain fianaise sa ghearán i ndáil leis na táscairí dá dtagraítear san airteagal seo.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) luafar go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar an staid sa tír is tairbhí lena mbaineann le linn na tréimhse faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear i mír 5. | (b) luafar go ***leanfaidh an Coimisiún d'idirphlé a shaothrú faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe agus*** go ndéanfaidh sé faireachán agus meastóireacht ar an staid sa tír is tairbhí lena mbaineann le linn na tréimhse faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear i mír 5. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí lena mbaineann chun comhoibriú le linn na tréimhse faireacháin agus measúnaithe a mhairfidh ar feadh 6 mhí ó dháta foilsithe an fhógra. | 5. Tabharfaidh an Coimisiún gach deis don tír is tairbhí lena mbaineann ***chun tosú ar bheith rannpháirteach agus chun oibriú i gcomhar leis tráth ar bith*** le linn na tréimhse faireacháin agus measúnaithe a mhairfidh ar feadh sé mhí ó dháta foilsithe an fhógra. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé is gá, inter alia, na measúnuithe, na barúlacha, na cinntí, na moltaí agus na conclúidí ó na comhlachtaí ábhartha faireacháin atá ar fáil, agus faisnéis ábhartha ó fhoinsí eile, lena n-áirítear fianaise a thíolactar trí ghearán nó a chuirfidh tríú páirtithe ar fáil, de réir mar is iomchuí. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha uile. | 6. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé is gá, *inter alia*, na measúnuithe, na barúlacha, na cinntí, na moltaí agus na conclúidí ó na comhlachtaí ábhartha faireacháin atá ar fáil, agus faisnéis ábhartha ó fhoinsí eile, lena n-áirítear fianaise a thíolactar trí ghearán nó a chuirfidh tríú páirtithe ar fáil, de réir mar is iomchuí. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis ábhartha uile ***agus breithneoidh sé an dul chun cinn arna dhéanamh ag an tír maidir lena treochlár a chomhlíonadh faoi chuimsiú na rannpháirtíochta feabhsaithe dá dtagraítear i mír 2a***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Laistigh de trí mhí tar éis don tréimhse dá dtagraítear i mír 5 a dhul in éag, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir lena fhionnachtana agus a chonclúidí a chur faoi bhráid na tíre is tairbhí lena mbaineann. Tá ag an tír is tairbhí an ceart a cuid barúlacha a thíolacadh maidir leis an tuarascáil. Ní bheidh an tréimhse le haghaidh barúlacha níos faide ná aon mhí amháin. | 7. Laistigh de thrí mhí tar éis an tréimhse dá dtagraítear i mír 5 a dhul in éag***, agus tar éis é a dhul i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13(a),*** déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar a fhionnachtana agus a chonclúidí a chur faoi bhráid na tíre is tairbhí lena mbaineann. Tá ag an tír is tairbhí an ceart a cuid barúlacha a thíolacadh maidir leis an tuarascáil. Ní bheidh an tréimhse le haghaidh barúlacha níos faide ná aon mhí amháin. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. I gcás ina measann an Coimisiún ***nach dtugann na fionnachtana údar maith le*** haistarraingt shealadach, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), maidir leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh. | 9. I gcás ina measann an Coimisiún, ***bunaithe ar na gnéithe dá dtagraítear i mír 6, nach dtugann na fionnachtana údar maith le*** haistarraingt shealadach, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), maidir leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. I gcás ina mbreithneoidh an Coimisiún go dtugann na torthaí údar le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, chun na fabhair tharaife a fhoráiltear faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach. ***Agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh aige, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, an éifeacht shocheacnamaíoch a bheidh i gceist le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife sa tír is tairbhí a bhreithniú.*** | 10. I gcás ina mbreithneoidh an Coimisiún go dtugann na torthaí údar le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, chun na fabhair tharaife a fhoráiltear faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12 a. Agus aistarraingt shealadach á*** |

***cur i bhfeidhm, leanfaidh an Coimisiún den idirphlé leis an tír is tairbhí, lena n-áirítear sa chreat dá dtagraítear in Airteagal 18a, agus é mar aidhm aige na cúiseanna leis an tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 a leigheas. Déanfaidh an Coimisiún measúnú rialta ar éifeachtaí na haistarraingthe maidir leis na sáruithe a leigheas, agus rachaidh sé i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 13a.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 16. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a thugann údar le haistarraingt shealadach ar an gcúis a leagtar amach i mír 1, pointe (a) agus gur gá mearfhreagairt a thabhairt de thoradh go bhfuil na sáruithe thar a bheith tromchúiseach i bhfianaise na n-imthosca sonracha sa tír is tairbhí, tionscnóidh sé an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir le míreanna (3) go (15). Mar sin féin, laghdaítear go ***2 mhí*** an tréimhse dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), agus laghdaítear an sprioc-am dá dtagraítear i mír 8 go 5 mhí. | 16. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a thugann údar le haistarraingt shealadach ar an gcúis a leagtar amach i mír 1, pointe (a) agus gur gá mearfhreagairt a thabhairt de thoradh go bhfuil na sáruithe thar a bheith tromchúiseach i bhfianaise na n-imthosca sonracha sa tír is tairbhí, tionscnóidh sé an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir le míreanna (3) go (15). Mar sin féin, laghdaítear go ***mí amháin*** an tréimhse dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), agus laghdaítear an sprioc-am dá dtagraítear i mír 8 go ***trí*** mhí. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 1 Eanáir 2027 agus gach ***3*** bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le héifeachtaí na scéime lena gcumhdófar an | Faoin 1 Eanáir 2027 agus gach ***dhá*** bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le héifeachtaí na scéime lena gcumhdófar an |

| | |
|---|---|
| tréimhse ***3 bliana*** is déanaí agus na socruithe fabhracha uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2). | tréimhse ***dhá bhliain*** is déanaí agus na socruithe fabhracha uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2). |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – ró 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (1998)*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – ró 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***An Chéad Phrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (1966)*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – ró 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Coinbhinsiún EIS maidir le Pobail Dhúchasacha agus Pobail Threibheacha (1989)*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Cur i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0579 – C9-0364/2021 – 2021/0297(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>4.10.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>4.10.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 20.1.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Maria Arena<br>11.11.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 10.12.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 2.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 60<br>–: 14<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Nicolas Bay, Malin Björk, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Peter Kofod, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Jörg Meuthen, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karsten Lucke, Marisa Matias, Paulo Rangel, Peter van Dalen, Mick Wallace, Javier Zarzalejos |
| Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach | Samira Rafaela |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 60 | + |
|---|---|
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Peter van Dalen, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Paulo Rangel, Radosław Sikorski, Javier Zarzalejos, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Dragoş Tudorache |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Claudiu Manda, Pedro Marques, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| The Left | Malin Björk, Marisa Matias, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Salima Yenbou |

| 14 | - |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Jacek Saryusz-Wolski, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers |
| ID | Nicolas Bay, Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Peter Kofod, Thierry Mariani, Jörg Meuthen, Harald Vilimsky |
| NI | Kostas Papadakis |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh